# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDUITHE AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2007

**CLÓSCRÍOBH**
(GNÁTHLEIBHÉAL)

**DÉ hAOINE, 1 MEITHEAMH, 9.30 r.n. – 11.40 r.n.**

## TREORACHA

### GINEARÁLTA

* Tá deich nóiméad ceadaithe chun an páipéar seo a léamh, 9.30 – 9.40 r.n. *Ní ceadmhach clóscríobh a dhéanamh i rith na tréimhse sin.*

* Ní mór tabhairt faoi gach ceist.

* Clóscríobh d'Uimhir Scrúdaithe ar bharr gach bileoige de do chuid oibre. Clóscríobh 'N-L' i ndiaidh d'Uimhir Scrúdaithe má tá clóscríobhán neamh-leictreonach (láimhe) á úsáid agat.

* Tosaigh gach Roinn ar bhileog úr.

* Is ceadmhach aon chineál ceartúcháin a úsáid, scriosán, páipéar, leacht 7rl, ach amháin sa Triail Chruinnis (Ceist 1). Dealófar marcanna má fhágann ceartúcháin obair mhí-shlachtmhar ina ndiaidh.

* Ag deireadh an scrúdaithe bailigh do chuid oibre **in ord**.

* Scríobh d'Uimhir Scrúdaithe ar an gclúdach atá ann do d'obair chríochnaithe. Scríobh 'N-L' i ndiaidh d'Uimhir Scrúdaithe má d'úsáid tú clóscríobhán láimhe (neamh-leictreonach).

* **Ná** cuir do Thriail Chruinnis i gclúdach ar leith.

* Léigh go cúramach na treoracha sonracha do gach Ceist mar atá tugtha thíos.

---

**CEISTEANNA**

**1. Triail Chruinnis** (9.40 r.n. – 9.50 r.n.) (25)

1.1 Déan cóip charbóin de do chuid oibre. Dealófar marcanna mura ndéanfar seo.

1.2 Bain úsáid as spásáil dhúbailte agus fág dóthain imeall ar an dá thaobh den pháipéar.

1.3 Dealófar marcanna má bhaintear úsáid as ceartúchán ar bith.

1.4 Ní ghnóthófar marcanna breise má chlóscríobhtar an sliocht seo, nó aon chuid de, den dara huair

1.5 Tabhair an chóip chlóbhuailte agus an chóip charbóin de do chuid oibre don Fheitheoir ag deireadh na Trialach Cruinnis. Tabharfar an dá chóip ar ais duit ag deireadh an scrúdaithe chun cur leis an gcuid eile de do chuid cleachtaithe.

**2. Litir Ghnó** (25)

2.1 Clóscríobh an litir seo san fhoirm cheart.

**3. Ráiteas Táblaithe** (30)

3.1 Clóscríobh agus rialaigh go néata i ndúch.

**4. Biachlár** (20)

4.1. Taispeáin an Biachlár go héifeachtach.

## CEIST 1 – TRIAIL CHRUINNIS (10 NÓIMÉAD)

**(a)** **Déan cóip charbóin de do chuid oibre.**

**(b)** **Bain úsáid as spásáil dhúbailte agus fág imill d'orlach amháin ar dhá thaobh an leathanaigh.**

**(c)** **Dealófar marcanna má bhaintear úsáid as ceartúcháin.**

**(d)** **Ní ghnóthófar marcanna breise má chlóbhuailtear an sliocht, nó cuid de, den dara huair.**

**(e)** **Tabhair an chóip chlóbhuailte agus an chóip charbóin de do chuid oibre don Fheitheoir ag deireadh na Trialach Cruinnis. Tabharfar iad sin ar ais duit ag deireadh an scrúdaithe chun cur in ord leis an gcuid eile de do chuid cleachtaithe.**

---

Mí tar éis go ndearna an Iaráic ionradh ar Chuáit, chuir Banríon Noor na Iordáine glao teileafóin ar Richard Branson ag a theach i Londain. Bhí sí tar éis casadh ar dhuine saibhir seo na haerlíne/an tsiamsa ag dinnéar cheana. Anois bhí a chabhair ag teastáil uaithi le haghaidh eitilte trócaire chun cabhrú le 80,000 dídeanaí, a ruaig trúpaí Saddam Hussein, nach maireann, amach as Cuáit agus a bhí fágtha i bhfásach na Iordáine. D'inis sí dó go raibh siad gan uisce, bia ná cóir leighis. Bhí eagla uirthi go bhfaighdís bás laistigh de bheagán laethanta.

Chuir Branson glao teileafóin ar an Aire Gnóthaí Eachtracha a gheall 40,000 blaincéad laistigh de 24 uair. Ansin rinne sé teagmháil le ceannairí Sainsbury, ASDA agus gnólachtaí náisiúnta eile agus faoi thráthnóna an lae dar gcionn bhí 40 tonna de sholáthairtí fóirithinte aige.

Dhá lá ina dhiaidh sin thug 747 de chuid Virgin Atlantic, a cuid suíochán bainte amach aisti chun áit a dhéanamh do lasta, an chéad mhóriarracht fhóirithinte go dtí ceantar na dearóile. Tháinig deich n-eitilt eile de chuid Virgin ina dhiaidh sin a thug breis agus 300 tonna de sholáthairtí agus a d'iompar dídeanaithe amach as an gcontúirt.

**(25 marc)**

**CEIST 2 – LITIR GHNÓ**

**CLÓSCRÍOBH AN LITIR GHNÓ SEO A LEANAS LE DO THOIL. NÍL CÓIP CHARBÓIN DE DHÍTH. TÁ CLÚDACH NÓ CRUTH CLÚDAIGH RIACHTANACH.**

---

Tag MÓC/(do thúslitreacha)

01 Meitheamh 2007

An tUasal Dóirín Ní Chearra
Bainisteoir Ceannachán
Scoth an Troscáin Tta
An Tulach Ard
Co. Chill Dara.

A Iníon Ní Chearra,

Déanaimidne raon d'earraí boird tí agus lónadóireachta. Tá roinnt seastán taispeántais ag teastáil uainn do thaispeántas trádála i mí Mheán Fómhair ag an RDS i mBaile Átha Cliath a bhfuil seastán mór curtha in áirithe againn ann sa phríomh-halla.

Tá grianghraif agus sonraí i do bhróisiúir de do raon de sheastáin dá leithéid agus tá spéis ar leith againn iontu seo a leanas:

1 Samhail 3A: Dhá fhráma shaorsheasaimh chróim, 5 méadar ar airde faoi 6 méadar ar leithead
2 Samhail 5B: Aonad taispeántais amháin do scáileán teilifíse plasma 42"
3 Samhail 7G: Sé chófra taispeántais a bheadh oiriúnach chun raon dár dtáirgí a thaispeáint.

Bheadh áthas orainn do luachan a fháil dóibh siúd thuas, agus iad seo a leanas á gcur san áireamh:

- Seachadadh le bheith san áireamh (gach mír le bheith seachadta do Dhroichead na Dothra ar 17 Meán Fómhair)
- CBL de réir an ráta chaighdeánaigh
- Earraí ar cairde go ceann 30 lá

Má tá fiosrúcháin ar bith agat déan teagmháil liom le do thoil.

Is mise le dea-ghuí,

____________
Mícheál Ó Catháin
Stiúrthóir Díolachán

**(25 marc)**

## CEIST 3 – RÁITEAS TÁBLAITHE

**RÉITIGH AN RÁITEAS TÁBLAITHE SEO A LEANAS AR PHÁIPÉAR A4.**
**TAISPEÁIN GO HÉIFEACHTACH I STÍL BHLOIC NÓ I STÍL LÁRNACH.**

---

Taispeánann an tábla thíos rátaí 2007 do Ghás Nádúrtha le haghaidh úsáideoirí tí in Éirinn:

| Taraif | Ráta an Aonaid kWh. | Táille Seasta | Úsáid Bhliantúil |
|---|---|---|---|
| Ráta Laghdaithe | 10.771. 0 go 585 kWh<br>8.074. 586 go 1170<br>5.709. Os cionn 1170 | 57.30 | Faoi 6,500 |
| Ráta Caighdeánach | 4.091 | 308.58 | 6500 go 7625<br>10250 go 13500<br>Os cionn 24000 |
| Ráta don Úsáideoir Íseal | 7.089 | Tada | 7625 go 10250 |
| Ráta don Úsáideoir Ard | 5.385 | Tada | 13500 go 24000 |
| Ráta do Os Cionn 65 | 7.089 | Nil | Faoi 10250 |

Is treoir iad na leibhéil tomhaltais thuas: cuir glao ar 1850 632 632 le haghaidh breis faisnéise.

**(30 marc)**

## CEIST 4 – LEAGAN AMACH BIACHLÁIR

**TAISPEÁIN AN BIACHLÁR SEO A LEANAS GO TARRAINGTEACH AR BHILEOG DE PHORTRÁID A4 LE DO THOIL.**

---

Óstán na hAbhann, Tuaim

Dinnéár an Chumainn Lúthchleas

-------------------------

Tríréad de Mhealbhacán
le liamhás parma agus caora úra

--------------------------------------

Anraith Baile an Lae
déanta as na glasraí is fearr dár gcuid

----------------------------------------

Mairteoil Rósta
riartha ar bhonn prátaí le muisiriúin

Brollach Sicín
Le cairéid óga rósta in anlann d’fhíon dearg

Filléad de Bhradán
le líomóid agus lus mín

Ilchumasc d’Fheoilséantóirí
duilleoga spionáiste líonta agus anlann líomóide

**----------------------------------------------**

Rogha ón Tralaí Milseog

------------------------------------

Tae nó Caife

**(20 marc)**

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán